



OLLSCOIL NA GAILLIMHÉ
UNIVERSITY OF GALWAY

Straitéis na Leabharlainne 2026–2030



Ollscoil na
Gaillimhe.ie

An Stair a Chaomhnú, an Todhchaí a Chumasú

Clár

Réamhrá	03
Réamhrá	05
Misean	06
Fís 2030 agus ina dhiaidh	08
Luachanna	10
Tosaíochtaí Straitéiseacha	11
– Foirgneamh Nua na Leabharlainne	11
– Oideachas don Todhchaí	12
– Tionchar Taighde Shainiúil	13
– Na Daoine a Chumhachtú	14
– Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe	15
Plean Feidhmiúcháin	16



Réamhrá

Tá Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe, a bailiúcháin, a hoidhreacht chultúrtha, a seirbhísí agus a foireann riachtanach le go n-éireoidh le daoine san oideachas nó sa taighde. Más ar líne nó ar an láthair, spreagtar sinn leis an saibhreas a chuireann an Leabharlann ar fáil, tugtar eolas dúinn agus is saibhre sinne dá bharr.

Cuireann an Leabharlann ar chumas na mac léinn a gcuid eolais ar dhisciplíní, a scileanna acadúla agus a saineolas a fhoghlaim agus a fhorbairt. Tugann sí cumhacht agus inspioráid dár dtaighdeoirí chun cur le hobair daoine eile agus eolas nua a chruthú. Leagtar amach i Straitéis na Leabharlainne spriocanna agus tosaíochtaí uailmhianacha na Leabharlainne do na blianta amach romhainn. Is é an ceann is suntasaí díobh seo an foirgneamh nua ar an gcampas. Léiríonn infheistíocht na hOllscoile i bhforbairt Leabharlainne nua an tábhacht a bhaineann leis an Leabharlann go n-éireoidh leis na spriocanna straitéiseacha atá againn; is iad sin Tionchar Taighde Shainiúil agus Oideachas don Todhchaí a bhaint amach inár bplean straitéiseach Ollscoile 2025–2030, Lonnaithe i nGaillimh, Ag Freastal ar an Domhan Mór. Tabharfaidh an spás foghlama agus cruthaitheachta inspioráideach, fáilteach, ardteicneolaíochta seo ár bpobal ollscoile le chéile in áit bhríomhar, chomhoibríoch léinn.

Tá teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear intleacht shaorga, ag athrú an chaoi a bpléimid le heolas agus le chéile go deimhin. Cruthaíonn na teicneolaíochtaí seo féidearthachtaí agus deiseanna iontacha, ach tagann rioscaí leo freisin. Tagann ceisteanna eiticiúla maidir le claontacht agus muinín i ndáil le faisnéis a ghintear le hintleacht shaorga chun cinn agus tá an baol ann i gcónaí go mbeidh mífhaisnéis agus bréagaisnéis ann atá spreagtha ag an bpolaitíocht (nó ar shlí eile). Mar gheall ar an gcomhthéacs seo, tá ról na Leabharlainne maidir le rochtain a sholáthar ar fhaisnéis iontaofa, údarásach, léannta agus maidir le múineadh dár mic léinn an chaoi le faisnéis a mheas agus a úsáid go heiticiúil níos tábhachtaí anois ná riamh. Ar an gcaoi chéanna, cabhróidh ról na Leabharlainne maidir le héiceachóras foilsitheoireachta taighde níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos oscailte a chruthú le muinín an phobail i gcoitinne a chothú i scoláireacht agus i dtaighde atá trédhearcach, in-athchruthaithe agus ar fáil do chách.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le foireann na Leabharlainne sna blianta amach romhainn chun an Straitéis uailmhianach seo a chur i gcrích, rud a thacóidh leis an Ollscoil a tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

An tOllamh Becky Whay,
An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí

Is i leabharlanna atá an fuinneamh a chothaíonn an tsamhlaíocht. Is fuinneoga iad na leabharlanna amach ar an domhan agus spreagann siad sinn chun iniúchadh a dhéanamh agus chun rudaí a bhaint amach, agus cur le caighdeán na beatha.

Sidney Sheldon,
Scríbhneoir agus léiritheoir Meiriceánach, 1917–2007



Réamhrá

Tá Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe suite go bródúil i gcroílár eispéireas na hOllscoile do mhic léinn, don fhoireann agus do thaighdeoirí.

Tugaimid tacaíocht do na tosaíochtaí straitéiseacha mar atá siad leagtha amach i bplean straitéiseach na hOllscoile 2025–2030, *Lonnaithe i nGaillimh, Ag Freastal ar an Domhan Mór*, mar Thionchar Taighde Shainiúil, Oideachas don Todhchaí, agus Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe a thugann Cumhacht dár bPobal, agus ag an am céanna ag cabhrú le gach duine i bpobal na hOllscoile a spriocanna pearsanta a bhaint amach. Déanaimid é seo tríd an bhfaisnéis, an t-eolas agus an oidhreacht chultúrtha iontaofa atá lárnach don oideachas agus don taighde a choimeád, a chur ar fáil agus a chaomhnú. Cuidimid le taighdeoirí tionchar sainiúil a chinntiú trí chumhacht a thabhairt dóibh aschuir a gcuid taighde a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inbhuanaithe. Cuirimid spásanna spreagúla agus compordacha ar fáil do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne ar mhaithe le staidéar, taighde, comhoibriú, nuálaíocht agus rathú, agus áit ar féidir leo muintearas a mhothú le pobal na hOllscoile. Cuireann an fhoireann chabhrach, shaineolach atá againn treoir agus tacaíocht ar fáil do na húsáideoirí maidir lena n-aistear oideachais agus taighde.

Tá an straitéis seo bunaithe ar an seasamh lárnach seo atá ag an Leabharlann, seasamh a forbraíodh trí straitéisí na Leabharlainne san am atá thart agus trí obair chrua na foirne chun bailiúcháin agus seirbhísí den scoth agus ábhartha a fhorbairt a thagann le riachtanais na n-úsáideoirí. Léiríonn sé ár dtiomantas don tsármhaitheas agus leagann sé béim ar ár bpríomhréimsí tosaíochta agus fócais don chúig bliana atá romhainn. Tá dhá phríomhriachtanas mar bhonn leis na tosaíochtaí sin:

Tugann Leabharlann nua an Dr Karen Guinee, atá á tógáil faoi láthair, deis ar leith dúinn an chaoi a gcuirimid seirbhísí, bailiúcháin agus spásanna ar fáil a athmhúnlú agus a chlaochlú. Táimid ag iarraidh an leas is fearr a bhaint as an deis sin agus a chinntiú go ndéanfar an fhís atá againn don Leabharlann nua a bhaint amach. Ní beag an dúshlán é seo agus beidh gá le fócas agus iarracht ar leith ó fhoireann uile na Leabharlainne sna blianta amach romhainn agus comhpháirtíocht leanúnach lenár gcomhghleacaithe i bhFoirgnimh agus Eastáit agus san Oifig Forbartha.

Ní féidir linn neamhaird a dhéanamh, áfach, den ghéarchéim atá roimh an éiceachóras cumarsáide léinn, foilsitheoireachta agus comhroinnte eolais, atá mar bhonn agus taca leis an oideachas agus an taighde. Ciallaíonn an t-aistriú i dtreo ábhar digiteach go bhfuilimid ag brath níos mó ar fhoilsitheoirí móra brabúis, rud a fhágann go bhfuil córas againn atá neamh-inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus éagothrom. Cuireann sé seo ár gcumas rochtain ar eolas a chinntiú do scoláirí an lae inniu i mbaol chomh maith leis an aschur léinn a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. Tugann foilsitheoireacht oscailte agus cleachtais taighde oscailte an deis dúinn foilsitheoireacht taighde a thabhairt ar ais i lámha an phobail taighde agus samhail níos cothroime agus níos inbhuanaithe a sholáthar a chinnteoidh caomhnú agus inrochtaineacht fhadtéarmach eolais léinn. Táimid ag iarraidh oibriú i gcomhpháirtíocht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cabhrú le dul chun cinn a thiomáint i dtreo éiceachóras foilsitheoireachta níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos oscailte a léiríonn polasaithe náisiúnta agus Eorpacha.

Tá an straitéis seo forbartha i gcomhairle le páirtithe leasmhara tábhachtacha ar fud an champais agus táimid an-bhuíoch as a dtacaíocht dhearfach agus a ndíograis don Leabharlann. Táimid ar bís aghaidh a thabhairt ar an todhchaí agus is fada linn an t-am le bheith ag obair le chéile chun na gealltanais atá leagtha amach sa straitéis seo a chomhlíonadh.

Monica Crump
Leabharlannaí na hOllscoile

Misean

Cuirimid misean na hOllscoile chun cinn trí eolas iontaofa a thabhairt do dhaoine, iad a thabhairt le chéile, i dtimpeallacht spreagúil agus chuimsitheach ina dtacaítear le gach duine chun a gcuid spriocanna oideachais agus taighde a bhaint amach.



2,102

Líon na Spásanna Staidéir



2,268,630

Líon na n-alt a fhéachtar orthu in aghaidh na bliana

Fís 2030 agus ina dhiaidh

Faoi 2030, beidh Leabharlann nua an Dr Karen Guinee ag cuidiú le hathfhorbairt agus claochlú ár seirbhísí, ár spásanna agus ár mbailiúcháin.

Beidh an Leabharlann i gcroílár eispéireas na hOllscoile do mhic léinn, don fhoireann agus do thaighdeoirí. Is áit bhríomhar phobail, nuálaíochta, chruthaitheachta, scoláireachta agus foghlama a bheidh inti.

Trí cheannaireacht, tacaíocht agus infreastruchtúr, cuirimid éiceachóras eolais níos oscailte, níos cothroime agus níos inbhuanaithe chun cinn atá bunaithe ar shláine léinn, áit ar féidir le cách eolas iontaofa a aimsiú, a rochtain, a chruthú agus a roinnt.

Spreagfaidh an t-eolas agus an oidhreacht a bhailimid, a choimeádaimid agus a chaomhnaímid do na glúnta atá le teacht cruthaitheacht, foghlaim agus barr feabhais taighde in 2030 agus ina dhiaidh sin.



861,244

Líon na gcuartheanna ar an Leabharlann in aghaidh na bliana

Cén chaoi a mbeidh a fhios againn gur éirigh linn in 2030?

- Beidh Leabharlann nua an Dr Karen Guinee lárnach in eispéireas na hOllscoile. Beidh sí inrochtana agus in úsáid ag pobal an champais, ag an alumni agus go leor eile nach iad, agus is saibhre gach duine a úsáideann na seirbhísí, spásanna agus bailiúcháin fheabhsaithe dá mbarr.
- Beidh an deis ag gach mac léinn in Ollscoil na Gaillimhe cur lena gcuid eolais ar an léann trínár mbailiúcháin, agus a gcuid scileanna acadúla agus saoil a fhorbairt.
- Tugaimid rochtain inbhuanaithe do thaighdeoirí Ollscoil na Gaillimhe ar acmhainní faisnéise ábhartha, iontaofa, den scoth. Cuirimid seirbhísí, tacaíocht agus infreastruchtúr ar fáil dóibh chun taighde a dhéanamh.
- Is ceannródaíthe sinn maidir le hathrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoilsítear agus a roinntear taighde, ionas go mbeidh sé níos cothroime agus níos inbhuanaithe, agus táimid ar an mbóthar ceart le bheith oscailte go hiomlán faoi 2040.
- Aithnítear ár mbailiúcháin oidhreachta fairsinge go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus is anseo an ceann scribe is fearr le deontóirí inár réimsí láidreachta bailiúcháin.
- Léiríonn ár gclár for-rochtana agus rannpháirtíochta an Ollscoil mar áit taighde agus oideachais, cuirtear béim ar ár mbailiúcháin oidhreachta, agus cuirtear le mothú ceangail agus muintearais taobh istigh den Ollscoil, leis an alumni agus le pobal níos leithne na Gaillimhe.
- Is áit oibre í Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe a bhfuil tóir uirthi, agus is ceannairí agus nuálaithe aitheanta iad an fhoireann in earnáil na cartlannaíochta agus na leabharlainne.



Luachanna

Tá na luachanna céanna againn agus atá ag Ollscoil na Gaillimhe: **Barr feabhais, Meas, Oscailteacht, Inbhuanaitheacht** agus **Muintearas**, agus tá ár luachanna le sonrú sna réimsí ar leith a bhaineann linne. Déanann Leabharlanna agus Cartlanna iarracht i gcónaí barr feabhais a bhaint amach inár mbealach oibre, agus aithnímid an luach a bhaineann le hoibriú le daoine eile chun níos mó a bhaint amach le chéile ná mar is féidir linn a bhaint amach inár n-aonar.

Táimid ag iarraidh rochtain oscailte, inbhuanaithe agus iontaofa a sholáthar ar fhaisnéis choimeádta ina bhfuil guthanna éagsúla. Ba mhaith linn an pobal is leithne agus is féidir a bheith againn agus tacú le gach duine a bheith criticiúil, eiticíúil agus tuisceanach sa chaoi a n-idirghníomhaíonn siad leis an bhfaisnéis. Táimid an-dáiríre faoi fhreagracht fhadtéarmach na mbailiúchán atá faoinár gcúram, agus táimid ag iarraidh chomh maith ár gcion féin a dhéanamh maidir le hacmhainní luachmhara an domhain agus a muintire a bhainistiú trí inbhuanaitheacht gach a ndéanaimid a mheas. Is mian linn a bheith inár gceann scríbe cuimsitheach ar an láthair agus ar líne, áit a mbraitheann gach duine sa phobal campais go bhfuil fáilte rompu, agus gur áit í seo ar féidir leo foghlaim, taighde a dhéanamh, forbairt, cruthú agus comhoibriú i dtimpeallacht mheasúil agus cholaísteach.

Agus muid ag tacú le misean na hOllscoile, is é an t-ionracas an chloch is mó ar ár bpaidrín ar mhaithe le leas an phobail, chun bacainní rochtana a shárú agus cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne, agus a bheith machnamhach, toilteanach agus trédhearcach inár roghanna.



Barr feabhais



Meas



Oscailteacht



Inbhuanaitheacht



Muintearas



Tosaíochtaí Straitéiseacha

Foirgneamh Nua na Leabharlainne

Is é an tosaíocht straitéiseach is mó atá againn ná foirgneamh nua na Leabharlainne. Beidh formhór ár gcuid ama, ár n-iarrachtaí agus ár n-acmhainní le linn na tréimhse straitéisí seo dírithe ar an tionscadal mór seo, rud a chruthóidh ceann scríbe nua i gcoirlár na hOllscoile agus foirgneamh a bheidh ina dhíol suntais i nGaillimh.

D'oscail doirse Leabharlann Ollscoil na Gaillimhe den chéad uair sa Chearnóg agus bhog sí go Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, a tógadh go speisialta, sa bhliain 1973. In 2027, leanfaidh Leabharlann nua-thógtha an Dr Karen Guinee leis an traidisiún fada sin d'athrú agus d'éabhlóid, agus ag fanacht dílis dár bpríomhluachanna agus ag athshamlú an chaoi a ndéanaimid ár ndícheall do gach glúin.

Beidh ár Leabharlann nua ina spás oideachais agus taighde inspioráideach, fáilteach, ardteicneolaíochta, agus ina fóram bríomhar intleachtúil agus sóisialta don champas agus níos faide i gcéin, a fhreastalaíonn ar an mian seo agus a fhéachann chun cinn le huaillmhian agus le muinín. Cuirfear spásanna, áiseanna, imeachtaí agus deiseanna ar fáil atá inrochtana do chách chun foghlaim, bualadh le chéile, teacht aníos le smaointe agus iad a fhorbairt, agus chun comhoibriú agus nuálaíocht a dhéanamh taobh istigh de theorainneacha na ndisciplíní.

Oibreoidimid i gcomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe i bhFoirgnimh agus Eastáit agus san Oifig Forbartha chun fíis agus mianta na Leabharlainne nua a bhaint amach. Éileoidh an bogadh go dtí an foirgneamh nua orainn ár seirbhísí, ár ngníomhaíochtaí agus ár mbailiúcháin a chlaochlú agus ag an am céanna cuirfidh sé ar ár gcumas an méid sin a dhéanamh. Cuirimid fáilte roimh an dúshlán agus an deis, agus tá uailmhianta suntasacha againn atá ag teacht le gach ceann de Thosaíochtaí Straitéiseacha na hOllscoile.

Bearta Rathúlachta

- Leabharlann nua oscailte.
- Seirbhísí, bailiúcháin agus foireann aistrithe ó Leabharlann Shéamais Uí Argadáin.
- Méadrachtaí Úsáide: cuairteanna ar an Leabharlann nua, imeachtaí reachtáilte, fiosrúcháin freagartha.



Oideachas don Todhchaí

Cinnteoimid go mbeidh ár Leabharlann ina cuid fhoirmiúil agus lárnach d'eispéreas na mac léinn. Trínár spásanna, seirbhísí, áiseanna, bailiúcháin inrochtana agus foireann chairdiúil, cuirfimid timpeallacht shábháilte, fháilteach agus inspioráideach ar fáil do gach mac léinn chun a gcuid eolais, muiníne agus cruthaitheachta a fhorbairt.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Cabhróimid le mic léinn scileanna acadúla, criticiúla agus don saol amach anseo a fhorbairt tríd an Mol Rathúlachta Foghlama comhtháite, áit ar féidir le seirbhísí tacaíochta foghlama na hOllscoile ó gach cearn den champas teacht le chéile le tacaíochtaí agus oiliúint scileanna duine ar dhuine na Leabharlainne. Agus muid ag obair as lámha a chéile, is féidir linn mic léinn a earcú, a choinneáil, a chur chun cinn agus rath foriomlán na mac léinn ar fad a neartú.
2. Tacóimid le sláine acadúil, le tuiscint na mac léinn ar phrionsabail eiticíúla na dteicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear intleacht shaorga, agus lena gcumas mífhaisnéis/bréagaisnéis a aithint, rud a chabhróidh leis na mic léinn a bheith ina saoránaigh dhomhanda rannpháirteacha.
3. Oibreoidimid go dlúth le comhghleacaithe acadúla chun freagairt do riachtanais disciplíní agus clár atá ag athrú i gcónaí. Leagfaimid béim ar na deiseanna atá ann maidir le dearadh curaclaim nuálach, modhanna measúnaithe a athrú, agus an taithí oideachais shainiúil a chuireann áiseanna comhoibríocha, teicneolaíocha agus cruthaitheacha na Leabharlainne nua ar fáil agus trí rannpháirtíocht lenár n-oidhreacht agus le bailiúcháin eile.

4. Cuirfimid bailiúcháin choimeádta ardchaighdeán ar fáil a thacaíonn le clár acadúla agus atá éasca le haimsiú agus rochtain a fháil orthu. Spreagfaidh na bailiúcháin seo mic léinn le smaoineamh go forleathan agus go criticiúil faoina ndisciplín agus níos faide anonn.
5. Spreagfaimid agus tacóimid le húsáid, oiriúnú agus forbairt Acmhainní Oideachais Oscailte trasna an churaclaim. Laghdóidh sé seo costais do mhic léinn, spreagfaidh sé rannpháirtíocht níos leithne na ndaoine san fhoghlaim mar chuid den aistriú chuig tírdhreach foilsitheoireachta níos oscailte.

Bearta Rathúlachta

- Roghanna tacaíochta acadúla á soláthar ag an Mol Rathúlachta Foghlama.
- Méadrachtaí Úsáide: Líon na ndaoine a d'fhreastail ar cheardlanna, Líon na bhfiosrúchán.
- Líon na modúl ina bhfuil páirt ag an Leabharlann, e.g. Liosta Léitheoireachta comhtháite, oiliúint scileanna faisnéise leabaithe, úsáid chomhtháite bhailiúcháin Oidhreachta nó tionscadail Chúinne Cruthaitheachta na Leabharlainne.



7,278

An líon duine a d'fhreastail ar Cheardlanna

Tionchar Taighde Shainiúil

Tacóimid le taighde agus le taighdeoirí na hOllscoile chun tionchar taighde shainiúil a bhaint amach, agus béim ar leith ar na ceithre phríomhcholún taighde seo a leanas: Nuálaíocht Sláinte; Cruthaitheacht, Cultúr & Sochaí; Timpeallachtaí Inbhuanaithe & Seasmhacha; agus Sonraí Claochlaitheacha & Intleacht Shaorga. Cuirfidh ár spásanna agus ár saoráidí leis na deiseanna do thaighdeoirí comhoibríú, nuálaíocht a dhéanamh agus eolas nua a chruthú sna disciplíní ar fad.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Cuirfimid rochtain inbhuanaithe, fhadtéarmach ar fáil ar acmhainní faisnéise a thacaíonn le taighde ar fud na hOllscoile. Tá comhoibríú leanúnach lenár gcomhpháirtithe cuibhreannais i Ríomhleabharlann Taighde na hÉireann (IREL) rithábhachtach chun é seo a bhaint amach.
2. Cuirfimid seirbhísí, tacaíocht agus infreastruchtúr ar fáil ionas gur féidir lenár dtaighdeoirí tionchar a imirt agus cur leis an dea-cháil, trí thorthaí a gcuid taighde a fhoilsiú agus a chaomhnú ar bhealach oscailte agus in-athúsáidte, agus na caighdeán is airde maidir le sláine taighde mar bhonn agus mar thaca leo.
3. Gníomhoimid ar son foilsiú taighde atá lánoscailte ar fud an domhain, ag comhoibríú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun an tacaíocht, an t-infreastruchtúr agus na hardáin riachtanacha a chruthú le haghaidh foilsiú oscailte aschuir taighde, lena n-áirítear monagraif agus sonraí, agus an spleáchas ar eintitis tráchtála a laghdú.
4. Tacóimid le barr feabhais taighde trí threoir agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le foilsiú in asraonta foilseacháin atá freagrach agus ceanródaíoch.

5. Forbróimid agus déanfaimid maoirseacht ar ár mbailiúcháin oidhreachta eisceachtúla, ag cur deiseanna cruthaitheacha agus nuálacha chun cinn le húsáid taighde agus le tacú le tairiscintí maoinithe taighde sna disciplíní agus taobh amuigh de phobal an champais.
6. Cuirfimid ar chumas taighdeoirí bealaí nua a aimsiú agus oibriú lenár mbailiúcháin. Áireofar leis seo digitiú ár mbailiúchán oidhreachta, forbairt 'bailiúcháin mar shonraí', rannpháirtíocht i gcatalóg náisiúnta de bhailiúcháin taighde CONUL, agus úsáid fhreagrach agus eiticíúil teicneolaíochtaí nua.
7. I gcomhar lenár gcomhpháirtithe, cuirfimid tacaíochtaí agus oiliúint chomhtháite ar fáil do thaighdeoirí.

Bearta Rathúlachta

- % d'fhoilseacháin Ollscoil na Gaillimhe a foilsíodh go hoscailte.
- Líon na dtionscadal taighde a úsáideann bailiúcháin oidhreachta.
- % na dtaighdeoirí a thuairiscigh gur chabhraigh ceardlanna le bearnaí eolais a líonadh.



15,445

Líon na bhfoilseachán taighde inár stór



Na Daoine a Chumhachtú

Cuirfimid seirbhísí saineolacha, báúla agus freagrúla ar fáil, trí fhoireann spreagtha agus cumhachtaithe a choinníonn ár n-úsáideoirí agus a riachtanais atá ag athrú i gcroílár ár ngníomhaíochtaí i gcónaí. Leis an gcur chuige seo, in éineacht lenár bhfócas ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhoibriú, beidh taithí gach duine ar an Leabharlann saibhir agus inspioráideach.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Cinnteoidimid go léiríonn, go n-urramaíonn agus go gceiliúránn ár mbailiúcháin, ár seirbhísí agus an fhoireann éagsúlacht an champais agus phobal na cathrach, i gcomhréir le Dualgas na hEanála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine.
2. Táimid tiomanta don dearadh uilíoch chun cur leis an rochtain ar ár mbailiúcháin, ar ár seirbhísí agus ar ár spásanna. Beimid inrochtana agus fáilteach do gach úsáideoir Leabharlainne, ag cumasú mic léinn, taighdeoirí agus an fhoireann a gcuid spriocanna a bhaint amach.
3. Tacóimid leis an bhfoireann a bheith athléimneach agus spreagtha, ag fás agus ag rathú sa timpeallacht áitiúil agus dhomhanda atá ag athrú i gcónaí, agus ag oiriúnú go muiníneach don athrú.
4. Tógfaimid ar ár saineolas agus forbróimid é ar fud na Leabharlainne, rud a chuirfidh ar chumas na foirne a bheith ina gcinnteoirí muiníneacha agus eolasacha.
5. Déanfaimid ár bhfoirne agus ár ról a ailíniú agus a dhearadh chun an éifeachtúlacht a uasmhéadú agus a chinntiú gur féidir linn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ar an mbealach is fearr.

6. Cuirfear foirne na Leabharlainne ag comhoibriú lena chéile agus taobh amuigh den Leabharlann i gcultúr comhghleacaíochta, oscailteachta agus comhpháirtíochta. Cinnteoidimid nascacht chomhtháite idir foirne atá ag obair sa Leabharlann nua, in Áras Taighde Uí Argadáin agus i Leabharlann Choláiste Ósta na Sionna.
7. Tacóimid leis an bpobal dátheangach, ag obair chun ár seirbhísí a sholáthar agus ár mbailiúcháin a fhorbairt i nGaeilge.

Bearta Rathúlachta

- Athbhreithniú rathúil ar inrochtaineacht spásanna leabharlainne agus seirbhísí ar líne.
- % d'fhoireann na Leabharlainne atá inniúil i nGaeilge.
- Líon na n-imeachtaí oiliúna agus forbartha ar fhreastail foireann na Leabharlainne orthu.



49%

d'fhoireann na
Leabharlainne
inniúil sa Ghaeilge

Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe

Cinnteoimid go mbeidh ár bpróisis, ár sreafaí oibre, ár dteicneolaíochtaí, ár seirbhísí, ár mbailiúcháin agus ár ról éifeachtach, dírithe ar an úsáideoir, agus éifeachtúil ó thaobh oibriúcháin de. Tá sé mar aidhm againn a bheith éasca oibriú linn agus a bheith freagrúil d'aiseolas, agus cuirfimid leis na deiseanna barr feabhais a thairgeann an Leabharlann nua.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Oibreoidimid le páirtithe leasmhara chun ár gcion agus ár dtionchar a léiriú agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais athraitheacha phobal na hOllscoile. Tógfaimid ar an rannpháirtíocht seo chun ár bpáirtithe leasmhara uile a chur ar an eolas faoinár seirbhísí, ár gcumarsáid, ár mbranda agus infheictheacht seirbhíse a neartú, agus láithreán gréasáin nua a sheachadadh a fhágann go bhfuil sé éasca teacht air agus rochtain a fháil ar a bhfuil againn.
2. Déanfaimid iniúchadh ar na deiseanna a thagann ó éifeachtúlacht mhéadaithe ó theicneolaíocht, lena n-áirítear intleacht shaorga nuair is cuí, agus déanfaimid uasmhéadú ar luach na gcóras, na tacaíochta agus na seirbhísí a chuireann ár soláthraithe agus soláthraithe ábhair ar fáil.
3. Lorgóimid maoiniú leordhóthanach agus deiseanna comhainithe chun ár spriocanna straitéiseacha agus riachtanais taighde agus oideachais a chomhlíonadh. Ag an am céanna, comhoibreoidimid le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun srian costais agus inbhuanaitheacht airgeadais a thabhairt don éiceachóras foilsitheoireachta.
4. Tabharfaimid tús áite do ghníomhaíochtaí a bhfuil an tionchar agus an toradh is mó ar infheistíocht acu i dtaca le tosaíochtaí straitéiseacha na hOllscoile, agus baileoidimid méadrachtaí ónár gcuid oibre ar fad chun a chinntiú go bhfuilimid ag cloí le riachtanais.

5. Cinnteoidimid leanúnachas gnó trí réimsí riosca a aithint, pleanáil maolaithe riosca agus pleanáil téarnaimh ó thubaistí.
6. Feabhsóimid inbhuanaitheacht ár spásanna, ár seirbhísí agus ár ngníomhaíochtaí. Déanfaimid iniúchadh ar chur chuige níos inbhuanaithe maidir le stóráil fhísiciúil bhailiúcháin, maidir le bailiúcháin dhigiteacha agus ar líne a chaomhnú, agus maidir leis an úsáid a bhainimid as intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí eile. Díreoidimid ar dheimhniú ar Shaotharlann Ghlas do Chúinne Cruthaitheachta na Leabharlainne.
7. Cuirfimid stóráil shábháilte, shlán agus inbhuanaithe ar fáil dár mbailiúcháin uile (físiciúla, oidhreacht agus digiteacha), ag cinntiú a gcaomhnú fadtéarmach, agus ag soláthar dóthain acmhainne fáis chun uailmhianta taighde na hOllscoile a chomhlíonadh.

Bearta Rathúlachta

- Athbhreithniú rathúil ar inúsáidteacht an láithreáin ghréasáin nua.
- Deimhniú ar Shaotharlann Ghlas do Chúinne na Cruthaitheachta.
- Toradh dearfach ar Athbhreithniú Feabhais 2027/28.



870,111

Líon na gcuairteanna
ar láithreán gréasáin na
Leabharlainne in 2025/26

Plean Feidhmiúcháin 2026–2030

▲ Sprioc Seachadta
■ Tuarascáil Bhliantúil ar Mhéadracht

		2026				2027				2028				2029				2030							
Tosaíocht Straitéiseach		Níthe ar a mbraithean seachadadh		Bearta Rathúlachta		Q1	Q2	Q3	Q4	Q1	Q2	Q3	Q4	Q1	Q2	Q3	Q4	Q1	Q2	Q3	Q4	Q1	Q2	Q3	Q4
Foirgneamh Nua na Leabharlainne	An foirgneamh Leabharlainne nua a sheachadadh		Buiséad LLC		Seilbh a ghlacadh ar an bhFoirgneamh						▲														
	Na bailiúcháin a ullmhú, pleanáil do sheirbhísí agus d'aistriú na foirne				Na bailiúcháin réidh, Pleananna seirbhíse socraithe						▲														
	Seirbhísí, Bailiúcháin agus an Fhoireann a aistriú ó Leabharlann Shéamais Uí Argadáin				Ionghabháil an Bhota, Leabhar críochnaithe Oscailte do Ghnó							▲													
	Cinntiú gur réadaíodh an Fhís				Athbhreithniú Iomlán Méadracht Úsáide									▲											
Oideachas don Todhchtaí	Gach Tacáíocht do Scileanna Acadúla a Chomhtháthú tríd an Mol Rathúlachta Foghlama (LSH)		Maoiniú inbhuanaithe do Sheirbhísí Tacáíochta Foghlama		Roghanna Tacáíochta Acadúla á dtairiscint sa Mol Rathúlachta FoghlamaLíon na bhfiosrúcháin							▲													
	Tacú le forbairt scileanna Acadúla – Scileanna Faisnéise, Scribhneoireacht Acadúil, Sláine Acadúil, etc.		Maoiniú don AWC		An líon duine a fhreastalaíonn ar cheardianna																				
	Deiseanna do dhearadh curaclaim nuálaíoch a chur chun cinn trí LLC				Úsáid Chúinne na Cruthaitheachta Úsáid Spásanna Comhoibríocha												▲								
	Deiseanna do dhearadh curaclaim nuálaíoch a chur chun cinn trí na Bailiúcháin Oidhreachta				Líon na modúl a bhfuil na Bailiúcháin Oidhreachta á n-úsáid acu																				
Tronchar Taighde Shainiúil	Bailiúcháin a chur ar fáil chun tacú le cláir acadúla		Maoiniú breise d'Acmhainní Faisnéise		Líon na modúl sa chóras Liosta Léitheoireachta																				
	Bailiúcháin a chur ar fáil chun tacú le cláir acadúla		Maoiniú breise d'Acmhainní Faisnéise		Líon na modúl sa chóras Liosta Léitheoireachta																				
	Spásanna agus áiseanna a chur ar fáil agus a chur chun cinn d'fhonn tacú le comhoibriú idir taighdeoirí, nuálaíocht agus idéú in LLC				Líon na n-imeachtaí Úsáid Spásanna Comhoibríocha									▲											
	Bailiúcháin a chur ar fáil d'fhonn tacú le taighde		Maoiniú breise d'Acmhainní Faisnéise		Líon na n-acmhainní atá ar fáil																				
Tronchar Taighde Shainiúil	Abhcóideacht, seirbhísí, tacáíocht, infreastruchtúr a chur ar fáil chun críche foilsitheoireacht oscailte aschur taighde		Infreastruchtúr náisiúnta nó maoiniú le haghaidh infreastruchtúr áitiúil		% d'fhoilseacháin Ollscoil na Gaillimhe a fhoilsítear go hoscailte																				
	Treoir agus tacáíocht a chur ar fáil maidir le foilsiú in asraonta foilseacháin iomráiteacha agus ceannródaíocha				% foilseachán in asraonta iomráiteacha																				
	Bailiúcháin oidhreachta a fhorbairt agus a threorú				Líon na mbailiúchán oidhreachta																				
	Deiseanna a chur chun cinn chun bailiúcháin oidhreachta a úsáid chun críche taighde agus tairiscintí maoinithe				Líon na dtionscadal taighde a bhfuil bailiúcháin oidhreachta á n-úsáid acu																				
Tronchar Taighde Shainiúil	Bailiúcháin oidhreachta a dhigitiú				Líon na mbailiúchán a bhfuil digitiú déanta orthu																				
	Bailiúcháin a fhorbairt 'mar shonra'				Líon na mbailiúchán digiteach atá réidh don mheaisín																				
	Rannpháirtíocht i gcatalóg náisiúnta na mbailiúchán taighde de chuid CONUL				Seoladh na Catalóige Náisiúnta																				
	Tacáíocht agus oiliúint chomhtháite a chur ar fáil do thaighdeoirí				% na dtaighdeoirí a thuairiscigh gur chabhraigh ceardianna le bearnaí eolais a líonadh																				
Na Daoine a Chumhachtú	Seirbhísí sainiúla, comhbhácha agus freagrúla a chur ar fáil				Suirbhéanna maidir le Sástacht an Úsáideora																				
	Cinntiú go bhfuil bailiúcháin, seirbhísí agus an fhoireann ionadaíoch ar éagsúlacht an phobail		An cumas comhaltai foirne éagsúla a earcú; Maoiniú do bhailiúcháin		Athbhreithniú ar phróifil na Foirne Athbhreithniú ar bhailiúcháin																				
	Cinntiú go bhfuil dearadh uilíoch déanta ar gach spás fisiciúil				Athbhreithniú ar gach spás Gníomh Ceartaitheach																				
	Cinntiú go ndéanfar dearadh uilíoch ar an láithreacht ar líne ar fad, lena n-áirítear ríomh-acmhainní		Tionscadal láithreán gréasáin na hOllscoile		Athbhreithniú ar an láithreán gréasáin Athbhreithniú ar ríomh-acmhainní																				
Na Daoine a Chumhachtú	Tacú leis an bhfoireann i rith tréimhse nuair atá mórathruithe ar bun				Suirbhé maidir le Sástacht na Foirne							▲													
	An fhoireann a chothú, a fhorbairt agus a chumhachtú, agus tacú leo				Líon na n-imeachtaí oiliúna agus forbartha ar freastalaíodh orthu																				
	Foirne agus ról a ailiúir ar mhaithe leis an éifeachtúlacht is fearr agus chun spriocanna straitéiseacha a sheachadadh				Athbhreithniú ar Struchtúr na hEagraíochta			▲																	
	Comhoibriú i measc foirne na leabharlainne agus lasmuigh den leabharlann i gcultúr comhghleacaíochta, oscailteachta agus comhpháirtíochta				Líon na gcomhoibrithe Grúpaí tras-rannacha																				
Na Daoine a Chumhachtú	Tacú leis an bpobal dátheangach trí sheirbhísí agus bailiúcháin i nGaeilge		An cumas comhaltai foirne a bhfuil Gaeilge acu a earcú		% den fhoireann atá inniúil sa Ghaeilge																				
	Cinntiú go mbeidh próisis, sreafaí oibre, teicneolaíochtaí, seirbhísí, bailiúcháin agus ról éifeachtach, dírithe ar an úsáideoir, agus éifeachtúil ó thaobh oibríochta de		Athbhreithniú Feabhais, 2027/28		Líon na seirbhísí a ndearnadh athbhreithniú orthu Toradh dearfach ar an Athbhreithniú Feabhais																				
	Na deiseanna éifeachtúlachta ama dtairiscint ag an teicneolaíocht agus luach córas, tacalaíochtaí, seirbhísí soláthróirí a uasmhéadú				A bheith san áireamh in athbhreithnithe seirbhíse																				
	Teagmháil leanúnach le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go dtuigtear a riachtanais				A bheith san áireamh in athbhreithnithe seirbhíse																				
Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuainne	Feasacht maidir le seirbhísí a chinntiú trí chumarsáid neartaithe, brandáil agus infheictheacht seirbhísí				Méadracht maidir le hÚsáid Seirbhísí																				
	Tionscadal Feabhsúcháin an Láithreáin Gréasáin		Tionscadal Láithreán Gréasáin na hOllscoile		Láithreán Gréasáin Athnuaithe Athbhreithniú dearfach ar inúsáidteacht																				
	Maoiniú leordhóthanach nó cómhacoiniú a lorg le go mbeifear in ann spriocanna a bhaint amach, agus a bheith i mbun comhoibrithe ag an am céanna chun na costais a bhaineann le foilsiú a laghdú		Athbhreithniú RIGRAM		Buiséad leordhóthanach do thosaíochtaí straitéiseacha																				
	Tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí a mbeidh an tionchar is mó acu, agus an toradh is fearr ar infheistíocht (ROI)				Pleananna Oibriúcháin Bliantúla																				
Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuainne	Méadracht a bhailiú chun a chinntiú go ndéanfar acmhainní a ailiúir le riachtanais an úsáideora				Tuarascálacha Bliantúla																				
	Leanúnachas gnó a chinntiú trí aithint riosca, pleanáil do mhaolú riosca agus pleanáil do thubaistí				Plean Leanúnachais Gnó Plean Tubaiste Bailiúcháin																				
	Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht spásanna, seirbhísí, gníomhaíochtaí				Deimhníú Saotharlainne Glaise do Chúinne na Cruthaitheachta																				
	Stóráil shábháilte, shlán agus inbhuanaithe a chur ar fáil do gach bailiúchán, lena n-áirítear dóthain acmhainne fáis		An rogha ar cinneadh uirthi de bhun na hanailíse ar roghanna a mhacoiniú le go mbeifear in ann na fadhbanna míuscáin i stóras Ascaill na Naoscach a réiteach agus foráil a dhéanamh d'acmhainn bhreise do na bailiúcháin Oidhreachta.		Uasghrádú déanta ar láimhseáil aeir i ngach Stóras HRB Stór nua nó athchóirithe do Chartlann na nIrisleabhar Clóite Spás stórála breise do Bhailiúcháin Oidhreachta																				
Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuainne	Caomhnú agus stóráil inbhuanaithe bailiúcháin digiteach a chinntiú		Córas Caomhnaithe Digitigh (DPS) a fháil agus a chur chun feidhme		DPS curtha chun feidhme Polasaí caomhnaithe socraithe agus i bhfeidhm																				

Straitéis na Leabharlainne 2026–2030